Preasráiteas **28.09.2021**

D'fhógair Cill Dara le Gaeilge dea-scéala inniu agus a chéad Oifigeach Feidhmíúcháin ceaptha san eagraíocht. Thosaigh Sarah Walsh sa ról nua i mí Mheán Fómhair agus ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh**,** tosóidh sí ag obair le gnólachtaí áitiúla i gContae Chill Dara ar mian leo a ngnó a chur chun cinn nó seirbhísí a thairiscint trí Ghaeilge. Is í Sarah an chéad oifigeach lánaimseartha ag obair chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail i gContae Chill Dara.

Sular ghlac sí leis an ról nua seo, chaith Sarah trí bliana ag obair le Clár na Leabhar Gaeilge leis an eagras stáit *Foras na Gaeilge*, ag tacú le foilsitheoirí Gaeilge agus scríbhneoirí Gaeilge. I measc a cuid cúraimí sa ról sin, bhíodh Sarah ag tarraingt aird an phobail ar leabhair Ghaeilge chun daoine a spreagadh i dtreo an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht Ghaeilge.

Sa ról nua le Cill Dara le Gaeilge oibreoidh Sarah go dlúth le Comhlachas Tráchtála Chill Dara chomh maith le comhlachtaí áitiúla gnó agus fiontair chun tacú le húinéirí gnó a bhfuil suim acu tabhairt faoi thionscadail a bhaineann leis an nGaeilge - ina measc le comharthaíocht dhátheangach, margaíocht, forbairt láithreán gréasáin, agus le rannpháirtíocht sna meáin shóisialta.

Oibreoidh Cill Dara le Gaeilge freisin le grúpaí pobail atá lonnaithe i gceantar Bardasach Nás na Ríogh a bhíonn ag eagrú imeachtaí Gaeilge agus beidh ról lárnach comhairleach agus tacaíochta ag Sarah ar an mbonn seo.

I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh Cill Dara le Gaeilge agus Sult na Sollán plean cúig bliana (2019-2023) don Ghaeilge i gContae Chill Dara. Tá an plean ar fáil ar www.cilldaralegaeilge.ie

Tugtar maoiniú do Cill Dara le Gaeilge tríd an Scéim Tacaíochta Gaeilge atá ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán.

Ag fógairt an ~~c~~heapacháin dúirt Daithí de Faoite, Cathaoirleach, Cill Dara le Gaeilge:
"Is forbairt an-spreagúil é do Chontae Chill Dara go bhfuil acmhainn ar leith againn don chéad uair riamh atá ag obair chun an Ghaeilge a chur chun cinn le gnólachtaí áitiúla, soláthraithe seirbhíse agus le grúpaí pobail. Guímid gach rath ar Sarah sa ról nua agus táimid dóchasach go mbeidh tionchar an-dearfach ag tacaíocht Chill Dara le Gaeilge ar úsáid na Gaeilge sa chontae sna hearnálacha gnó agus pobail."

Ráiteas ó Sarah Walsh:
"Táim ag tnúth le bheith ag obair le Cill Dara le Gaeilge agus beidh mé ag díriú ar na ceithre réimse seo a leanas sa bhliain amach romhainn: Pleanáil Teanga, An Ghaeilge sa Phobal, ag tacú le gnólachtaí i gContae Chill Dara agus i gCultúrlann Chill Dara.

Aithním an spéis agus an tacaíocht fhorleathan don Ghaeilge i gContae Chill Dara agus táim ag súil go mór le cuidiú le gnólachtaí áitiúla dul i ngleic leis an nGaeilge agus tacú le grúpaí pobail atá ag pleanáil nó ag reáchtáil imeachtaí Gaeilge nó dátheangacha. Beidh mé ag obair thar ceann Chill Dara le Gaeilge freisin chun taighde a dhéanamh agus tús a chur le pleanáil d'ionad cultúrtha nua Gaeilge, Cultúrlann Chill Dara."

Tuilleadh eolais:
Daithí de Faoite;
Cathaoirleach;
Cill Dara le Gaeilge
daithi@cilldaralegaeilge.ie
0873374088

PRESS RELEASE **28.09.2021**

Cill Dara le Gaeilge announced some good news today having recently appointed its first Executive Officer - the first post in the organisation. Sarah Walsh takes up the new role in September and from October onwards will start working with local businesses in County Kildare who wish to promote their business or offer services through Irish. Sarah is the first full-time officer working to promote the Irish language in the community in County Kildare.

Prior to taking up this new role, Sarah spent three years working with Clár na Leabhar Gaeilge with state body *Foras na Gaeilge*, supporting Irish language publishers and Irish language writers. Among her responsibilities in that role, Sarah drew public attention to Irish language books to encourage people to read and write In Irish.

In her new role with Cill Dara le Gaeilge, Sarah will work closely with the Kildare Chamber of Commerce as well as local business and enterprise bodies to support business owners who are interested in undertaking projects relating to the Irish language – including bilingual signage, marketing, website development, and social media engagement.

Cill Dara le Gaeilge will also work with community groups based in the Naas Municipal area that are organising Irish language events and Sarah will play a key advisory and supportive role on this basis.

In February 2019 Cill Dara le Gaeilge and *Sult na Sollán* published a five-year plan (2019-2023) for the Irish language in County Kildare. The plan is available on www.cilldaralegaeilge.ie

Funding is provided to Cill Dara le Gaeilge through the Irish Language support scheme (Scéim Tacaíochta Gaeilge) by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

Announcing the appointment Daithí de Faoite, Cathaoirleach of Cill Dara le Gaeilge, said:
"It is a very exciting development for County Kildare that for the first time ever, we now have a dedicated resource working to promote the Irish language with local businesses, service providers and with community groups. We wish Sarah every success in the new role and are hopeful that support from Cill Dara le Gaeilge will help make a very positive impact on the use of the Irish language within the county in the business and community sectors."

Statement from Sarah Walsh:
"I look forward to working with Cill Dara le Gaeilge and will be focusing on the following four areas over the coming year: Language Planning, Irish in the community, supporting businesses in County Kildare and Cultúrlann Chill Dara.

I recognise the widespread interest and support for the Irish language in County Kildare and I'm particularly looking forward to helping local businesses engage with the Irish language and in supporting community groups that are planning or running Irish language or bilingual events. I will also be working on behalf of Cill Dara le Gaeilge to conduct research and begin planning for a new Irish cultural centre, Cultúrlann Chill Dara."

More Information:

Daithí de Faoite;
Cathaoirleach;
Cill Dara le Gaeilge
daithi@cilldaralegaeilge.ie
0873374088